# Foirm SRSO1 - Cáin Ioncaim

## Tuairisceán Faisnéise maidir le Scéim Cheadaithe Scair-rogha a bhaineann le Coigilteas

**(Mír 6A Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)**

Luaigh é seo a leanas in aon chumarsáid le do thoil:
**SRSO**

## AN TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

## Ainm na Scéime Ceadaithe:

**(arna cheadú faoi Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)**

**Léigh na nótaí ar Leathanach 10 le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm agus sula síníonn tú an dearbhú**

**Ní mór duit:**

(a) an fhoirm a chomhlánú faoi mar a iarrtar,

(b) an dearbhú ar leathanach 7 a chomhlánú,

(c) an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig an Rannán ainmnithe thíos ar **31 Márta 2021 nó roimhe (Nóta 1).**

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,
Rannán na Scéime Scaireanna d'Fhostaithe,
Brainse Chánacha Pearsanta 1,
An Rannán Beartas & Reachtaíocht um Chánacha Pearsanta,
An Foirgneamh Stampála,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.
D02 HW86

Teileafón: +353-1-6475000

Ba chóir an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar ar leathanach ar leith más rud é nach leor an spás chuige sin faoi cheannteideal ar bith.

**Pionóis: Gearrfar pionóis mura soláthraítear an tuairisceán riachtanach nó má dhéantar tuairisceán mícheart a sholáthar.**

**Mura bhfuil alt ábhartha scríobh DADA**

## 1. Roghanna a Deonaíodh

**A.** Comhlánaigh na colúin thíos le haghaidh gach dáta a deonaíodh roghanna faoin scéim i rith na bliana. (Má tharla ar dháta ar bith gur deonaíodh níos mó ná aon aicme nó ainmníocht scaire, comhlánaigh colún faoi leith le haghaidh gach aicme nó ainmníocht scaire.)

| | | |
|---|---|---|
| 1. An dáta a deonaíodh roghanna. | / / | / / |
| 2. Ainm na cuideachta a deonaíodh roghanna i leith a cuid scaireanna. | | |
| Tá uimhir na cuideachta cláraithe in Éirinn | | |
| Luach ainmniúil agus aicme na scaireanna siúd. | € | € |
| 3. An dáta(í) a taifeadadh luach margaidh scaire d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpraghas síntiúis ag ar féidir roghanna a fheidhmiú. | / / | / / |
| 4. Luach margaidh scaire in Euro ar an dáta(í) ag 3. thuas. | € | € |
| 5. Foinse na luachála ag 4. thuas. Cuir tic sa bhosca cuí : | | |
| • trí thagairt a dhéanamh do Liosta Oifigiúil Laethúil an Stocmhalartáin | ☐ | ☐ |
| • trí chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim **(Nóta 2).** | ☐ | ☐ |
| 6. An praghas síntiúis in aghaidh na scaire in Euro ag ar féidir roghanna a fheidhmiú. | € | € |

**B.** Sonraigh le do thoil

Líon na stiúrthóirí agus na bhfostaithe a raibh roghanna deonaithe ina leith i rith na bliana trí thagairt a dhéanamh d'aisíocaíochtaí don scéim coigiltis chonarthaigh dheimhnithe lena n-áirítear

| | |
|---|---|
| a. an bónas uasta (7 mbliana) | |
| b. an bónas caighdeánach (5 bliana) | |
| c. an bónas caighdeánach (3 bliana) | |
| d. bónas ar bith. | |

**Má deonaíodh roghanna i rith na bliana, ní mór duit mír 5C ar leathanach 6 a chomhlánú.**

Maidir le gach dáta deonaithe, déan Leathanach 8 a chomhlánú agus soláthair an t-ainm, an UPSP, tréimhse na rogha agus líon na scaireanna is féidir a fháil trí fheidhmiú maidir le gach rannpháirtí. Léirigh na stiúrthóirí le do thoil trí 'S' a chur in aice lena n-ainm.

**C.** Sonraigh líon iomlán na bh**fostaithe** a bhí sa chuideachta agus in aon **chuideachta rannpháirteach** ar an dáta a deonaíodh na roghanna.

**D.** Sonraigh líon iomlán na bh**fostaithe incháilithe** a bhí sa chuideachta agus in aon **chuideachta rannpháirteach** ar an dáta a deonaíodh na roghanna.

## 2. Roghanna a Feidhmíodh.

Ní bhaineann an chuid seo ach amháin le feidhmiú roghanna i rith na bliana san imthoisc dá dtagraítear in Alt 519A(4) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Is éard atá sna himthosca ná nuair a d'fhéadfaí cáin ioncaim a ghearradh ar ghnóthachan a thagann as feidhmiú rogha. Ní fhéadfaidís tarlú ach amháin áit a bhfuil rogha infheidhmithe le haghaidh ceann de na cúiseanna seo a leanas agus go ndearnadh é a fheidhmiú **níos luaithe ná trí bliana i ndiaidh don rogha a bheith deonaithe.**

- duine a fhaigheann smacht ar chuideachta (**táthcheangal**) i ndiaidh tairiscint ghinearálta chun aicme iomlán scaireanna nó níos mó ná sin de chuid scaireanna na cuideachta a fháil nó duine a bhfuil **ceangal air nó teidlíocht aige** scaireanna a fháil sa chuideachta faoi Alt 457 Acht na gCuideachtaí 2014 ☐
- **cónascadh nó athchóiriú** na cuideachta faoi scéim arna ceadú ag an gcúirt ☐
- rún arna rith chun an chuideachta a **fhoirceannadh ar bhonn deonach** ☐
- **an chuideachta** ar oibrigh an sealbhóir rogha di a bheith **díolta amach as an ngrúpa.** ☐
- **an gnó nó cuid de ghnó** ar oibrigh an sealbhóir dó / di a bheith **díolta amach as an ngrúpa** ☐

Má tharla imeacht den sórt sin, **cuir tic sa bhosca cuí agus soláthair an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach duine aonair a d'fheidhmigh rogha níos luaithe ná trí bliana i ndiaidh don rogha a bheith deonaithe.** (Má tharla breis is aon imeacht amháin déan sceideal faoi leith a chomhlánú maidir le gach ceann.)

| **Dáta an imeachta as ar tháinig muirear faoi Alt 519D(4)** LL/MM/BBBB 1 | **Ainm agus UPSP an rannpháirtí** 2 | **Ainm chuideachta na fostaíochta** 3 | **Dáta deonaithe na rogha** LL/MM/BBBB 4 | **Dáta feidhmithe na rogha** LL/MM/BBBB 5 | **Líon na scaireanna a fuarthas** 6 | **An praghas síntiúis a íoctar in aghaidh na scaire** € 7 | **Luach Margaidh in aghaidh na scaire ar dháta an fheidhmithe** € 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## 3. Athrúchán ar Scairchaipiteal (Nóta 3)

Tabhair sonraí maidir le hathrúchán ar bith (ar an bpraghas síntiúis in aghaidh na scaire agus ar líon na scaireanna atá san áireamh leis na roghanna) ina bhfuil athrúchán ar bith ar scairchaipiteal lena mbaineann scaireanna na scéime tugtha san áireamh.

| |
|---|
| |

Ar comhaontaíodh athrúchán na roghanna dá dtagraítear thuas leis na Coimisinéirí Ioncaim?

| | Comhaontaíodh | Níor Comhaontaíodh |
|---|---|---|
| Cuir tic in aon bhosca amháin | ☐ | ☐ |

## 4. Malartú Roghanna (Nóta 4)

Má scaoileadh roghanna agus má deonaíodh roghanna ionadaíocha faoi mhír 16 Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ní mór duit an chuid eile den leathanach seo a líonadh isteach mar aon le leathanach 5 ag tabhairt sonraí maidir le rogha ionadaíoch ar bith a deonaíodh nó a feidhmíodh i rith na bliana.

**Roghanna ionadaíocha a deonaíodh**

| Ar comhaontaíodh bunús na malairte leis na Coimisinéirí Ioncaim? | Comhaontaíodh | Níor Comhaontaíodh |
|---|---|---|
| Cuir tic in aon bhosca amháin | ☐ | ☐ |

Ainm na cuideachta ar deonaíodh roghanna ionadaíocha ina leith. [ ]

Uimhir chláraithe na cuideachta. [ | | | | | | | | ]

An dáta a deonaíodh roghanna ionadaíocha [ / / ]

Luach ainmniúil agus aicme na scaire(anna) ar deonaíodh roghanna ionadaíocha ina leith. €

An praghas síntiúis in aghaidh na scaire in Euro ag ar féidir roghanna ionadaíocha a fheidhmiú. €

## 4. Roghanna Ionadaíocha a Feidhmíodh ar lean

Ní bhaineann an chuid seo ach amháin le feidhmiú roghanna i rith na bliana san imthoisc dá dtagraítear in Alt 519A(4) Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Is éard atá sna himthosca ná nuair a d'fhéadfaí cáin ioncaim a ghearradh ar ghnóthachan a thagann as feidhmiú rogha. Ní fhéadfaidís tarlú ach amháin áit a bhfuil rogha infheidhmithe le haghaidh ceann de na cúiseanna seo a leanas agus go ndearnadh é a fheidhmiú **níos luaithe ná trí bliana i ndiaidh don rogha a bheith deonaithe.**

- duine a fhaigheann smacht ar chuideachta (**táthcheangal**) i ndiaidh tairiscint ghinearálta chun aicme iomlán scaireanna nó níos mó ná sin de chuid scaireanna na cuideachta a fháil nó duine a bhfuil **ceangal air nó teidlíocht aige** scaireanna a fháil sa chuideachta faoi Alt 457 Acht na gCuideachtaí 2014 ☐
- **cónascadh nó athchóiriú** na cuideachta faoi scéim arna ceadú ag an gcúirt ☐
- rún arna rith chun an chuideachta a **fhoirceannadh ar bhonn deonach** ☐
- **an chuideachta** ar oibrigh an sealbhóir rogha di a bheith **díolta amach as an ngrúpa** ☐
- **an gnó nó cuid de ghnó** ar oibrigh an sealbhóir dó / di a bheith **díolta amach as an ngrúpa.** ☐

Má tharla imeacht den sórt sin, cuir tic sa bhosca cuí agus comhlánaigh leathanach 5 maidir le gach duine aonair a d'fheidhmigh rogha **níos luaithe ná trí bliana i ndiaidh don rogha a bheith deonaithe.** (Má tharla breis is aon imeacht amháin déan sceideal faoi leith a chomhlánú maidir le gach ceann.)

| Dáta an imeachta as ar tháinig muirear cáin ioncaim<br>LL/MM/BBBB<br>1 | Ainm agus UPSP an rannpháirtí<br>2 | Ainm chuideachta na fostaíochta<br>3 | Dáta deonaithe na rogha<br>LL/MM/BBBB<br>4 | Dáta feidhmithe na rogha<br>LL/MM/BBBB<br>5 | Líon na scaireanna a fuarthas<br>6 | An praghas síntiúis a íocadh in aghaidh na scaire<br>€<br>7 | Luach Margaidh in aghaidh na scaire ar dháta an fheidhmithe<br>€<br>8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## 5. Achoimre (Nótaí 5 agus 6)

### A. Sealbhóirí roghanna

1. Líon na rannpháirtithe, **i rith 2020**, a d’fheidhmigh roghanna faoin scéim
2. Líon na rannpháirtithe, **i rith 2020**, a d’fheidhmigh roghanna ionadaíocha faoin scéim
3. Líon na rannpháirtithe, **i rith 2020**, a chuir a roghanna ar ceal nó a lig dóibh dul i léig. Sonraigh líon na roghanna a cuireadh ar ceal / a d’imigh i léig agus bliain a ndeonaithe.
4. An méid is mó ranníocaíochtaí coigiltis míosúla atá á n-íoc ag rannpháirtí aonair ar bith maidir leis an rogha / na roghanna a deonaíodh ag am ar bith faoin scéim agus líon na rannpháirtithe a íocann an méid seo **(Nóta 5)**.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rogha 3 bliana | Méid | € | Líon | |
| Rogha 5 bliana | Méid | € | Líon | |
| Rogha 7 mbliana | Méid | € | Líon | |

### B. Luach Margaidh ‘scaireanna na scéime’

Má luaitear scaireanna na scéime ar stocmhalartán aitheanta ar bith nó má liostaítear ar an NASDAQ iad sonraigh an luach margaidh in Euro faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2020. €

### C. Roghanna a deonaíodh

*Tabhair figiúr faoi leith le haghaidh gach aicme nó le haghaidh ainmníocht na scaireanna*

1. Líon iomlán na scaireanna a raibh roghanna deonaithe ina leith i rith na bliana do rannpháirtithe faoi ghné ‘uile-fhostaí’ na scéime

| | Roghanna | Roghanna Ionadaíocha |
|---|---|---|
| Rogha 3 bliana | | |
| Rogha 5 bliana | | |
| Rogha 7 mbliana | | |

2. Déan leathanach 8 a chomhlánú agus soláthair le haghaidh gach dáta deonaithe, an t-ainm, an UPSP, tréimhse na rogha agus líon na scaireanna is féidir a fháil le feidhmiú maidir le gach rannpháirtí. Léirigh na stiúrthóirí le do thoil trí ‘S’ a chur in aice lena n-ainm.

### D. Roghanna feidhmithe (Nóta 7)

*Tabhair figiúr faoi leith le haghaidh gach aicme nó le haghaidh ainmníocht na scaireanna*

| | Roghanna | Roghanna Ionadaíocha |
|---|---|---|
| 1. Líon iomlán na scaireanna a eisíodh nó a aistríodh trí fheidhmiú roghanna agus roghanna ionadaíocha i rith na bliana. | | |
| 2. An méid iomlán a d’íoc na rannpháirtithe in Euro chun na scaireanna siúd a fháil. | € | € |
| 3. Luach margaidh iomlán na scaireanna a fuarthas ar dháta(í) an fheidhmithe in Euro. | € | € |

4. Soláthair ar **leathanach faoi leith** le haghaidh gach rogha a feidhmíodh, an t-ainm, an UPSP, luach margaidh na scaireanna ar an dáta a feidhmíodh iad agus líon na scaireanna a fuarthas de bhun an fheidhmithe maidir le gach rannpháirtí. Léirigh na stiúrthóirí le do thoil trí ‘S’ a chur in aice lena n-ainm.

### 6. Cuideachtaí Rannpháirteacha ar lean

Má tá fo-chuideachta a bheith ina cuideachta rannpháirteach i rith na bliana, tabhair an t-eolas seo a leanas, i sceideal ar leith más gá, le haghaidh gach cuideachta den sórt sin.

a. ainm na cuideachta

b. seoladh cláraithe na hoifige

c. an dáta a d'iompaigh an chuideachta ina cuideachta rannpháirteach  / /

d. uimhir thagartha cánach corparáide na cuideachta agus más difriúil uimhir chláraithe I.M.A.T na cuideachta.

**Caithfidh cóip de rún an Bhoird ag ainmniú na cuideachta rannpháirte nua a bheith ceangailte mura bhfuil sé curtha isteach cheana féin.**

Mura bhfuil cuideachta fós ina cuideachta rannpháirteach, tabhair an fhaisnéis chéanna is atá thuas ag sonrú go soiléir nach bhfuil an chuideachta ina cuideachta rannpháirteach a thuilleadh. (Le haghaidh mír c. sonraigh an dáta ar stad sí ó bheith ina cuideachta rannpháirteach). Má stad cuideachta ar bith ó bheith ina cuideachta rannpháirteach, ar fhostaigh an chuideachta sin aon duine a bhí incháilithe le bheith rannpháirteach sa scéim ag an am a stad sí?

Cuir tic in aon bhosca amháin  D'fhostaigh ☐  Níor fhostaigh ☐

Liostaigh thíos na cuideachtaí a d'iompaigh, nó a stad ó bheith ina gcuideachtaí rannpháirteacha.

**Léigh na nótaí ar leathanach 10 go cúramach sula ndéanann tú an dearbhú thíos a chomhlánú.**

### 7. Dearbhú (Nóta 8)

DEARBHAÍM ar feadh m'eolais agus mo thuairime

- go bhfuil na sonraí go léir ar an bhfoirm seo ceart agus iomlán
- bhí gach feidhmiú roghanna de réir théarmaí na scéime a cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim
- ar feadh na bliana (nó an chuid sin lenar bhain na roghanna) tháinig scaireanna na scéime **(Nóta 3)** leis na coinníollacha i míreanna 10 go 15 Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997
- níor cuireadh athrú ar bith ar an scéim nach raibh ceadaithe i scríbhinn ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Síniú  Dáta  / /

Cáil an tSínitheora

Uimhir Theileafón

## Roghanna a Deonaíodh

Tá an fhaisnéis seo a leanas ag teastáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 maidir le gach feidhmiú rogha a deonaíodh faoi rialacha na scéime.

| **Ainm an rannpháirtí**<br>1 | **UPSP an rannpháirtí**<br>2 | **Ainm chuideachta na fostaíochta**<br>3 | **Dáta deonaithe na rogha**<br>LL/MM/BBBB<br>4 | **Líon na scaireanna a raibh rogha(nna) deonaithe ina leith**<br>5 | **Luach margaidh na scaire ar an dáta a deonaíodh an rogha**<br>€<br>6 | **An praghas ar féidir na scaireanna a cheannach le feidhmiú rogha**<br>€<br>7 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**Roghanna a Deonaíodh**

Tá an fhaisnéis seo a leanas ag teastáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 maidir le gach feidhmiú rogha a deonaíodh faoi rialacha na scéime.

| **Ainm an rannpháirtí**<br>1 | **UPSP an rannpháirtí**<br>2 | **Ainm chuideachta na fostaíochta**<br>3 | **Dáta deonaithe na rogha**<br>LL/MM/BBBB<br>4 | **Dáta feidhmithe na rogha**<br>LL/MM/BBBB<br>5 | **Luach margaidh agus aicme na scaire a fuarthas**<br>€<br>6 | **Líon na scaireanna a fuarthas**<br>7 | **An praghas síntiúis a íoctar in aghaidh na scaire**<br>€<br>8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

## Nótaí chun cabhrú leat Foirm SRSO 1 a chomhlánú

1. Éilítear ort faoi mhír 6A Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 an tuairisceán faisnéise seo a chomhlánú.

   Faoi mhír 4(1) Sceideal 12A Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim ceadú na scéime a tharraingt siar má theipeann ar an gcuideachta tuairisceán a dhéanamh.

   Tá foráil sa dlí chomh maith go ngearrfaí pionóis sa chás nach gcuirtear tuairisceán isteach, go ndéantar tuairisceán bréagach nó go n-éascaítear a leithéid a dhéanamh.

2. Má tá an chuideachta neamhluaite, tá comhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim riachtanach maidir le luacháil na scaire.

3. Is ionann tagairt do scaireanna scéime agus scaireanna ar deonaíodh roghanna ina leith faoin Scéim Scair-rogha ceadaithe.

4. Ná comhlánaigh cuid 4 ach amháin maidir leis na cuideachtaí a bhfuil táthcheangal déanta orthu ó deonaíodh na roghanna faoin scéim.

5. Déan na hiontrálacha 'méid' agus 'líon' ag 5.A.4 a shocrú de réir ranníocaíochtaí coigiltis atá nasctha le roghanna a deonaíodh faoin scéim i rith na tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2020 nó in aon bhliain roimhe sin.

6. Déan na rannpháirtithe ar imigh a roghanna i léig nó ar cuireadh ar ceal iad i rith na bliana gan a bheith feidhmithe a chur san áireamh astu féin ag 5.A.3.

7. Má d'fheidhmigh rannpháirtithe roghanna i rith na bliana, déan sonraí na scaireanna a fuair siad trí fheidhmiú a sholáthar ag mír 5.D. ar leathanach 6.

8. Ba chóir do Rúnaí na Cuideachta nó d'oifigeach eile arna údarú go cuí chun gníomhú mar sin an dearbhú a shíniú.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs